



Bí feasach faoi ionfhabhtú

Laghdú an bhaol go bhfaighidh tú ionfhabhtú san ospidéal nó nuair a rachaidh tú abhaile

Cé atá i mbaol?

Is minic go mbíonn daoine a dteastaíonn cóir leighis uathu in ospidéal nó i gclinic níos soghonta d'ionfhabhtú ná formhór daoine eile. Seans gur mar gheall ar an tinneas atá orthu nó ar an gcóireáil a theastaíonn uathu go bhfuil a bhfrithsheasmhacht lagtha.

Ionfhabhtú 'bainteach leis an gcúram sláinte' is ea ionfhabhtú a tholgann tú tar éis a bheith i dteagmháil le seirbhís cúram sláinte. Is minice ná a mhalairt go dtarlaíonn sé sin má fuair tú cóir leighis in ospidéal. Is féidir leis tarlú freisin tar éis cóireála i gclinicí othar seachtrach, i dtithe altranais agus i dtimpeallachta cúram sláinte eile.

Tá othar ar bith in aon ospidéal nó in aon saoráid cúram sláinte ar domhan i mbaol ionfhabhtú nua a tholg nuair a bhíonn siad iontu.

Céard is cúis le frídíní agus ionfhabhtuithe?

Do chuid baictéar (frídíní) féin is cúis le cuid de na hionfhabhtuithe nua a bhaineann le hionaid chúram sláinte. Is iondúil nach mbíonn aon dochar iontu do dhaoine sláintiúla. Frídíní ospidéil atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach – tarbhfrídí – is cúis le cuid eile acu. Is féidir leat iad a tholg in ospidéal tar éis a bheith i dteagmháil le hothair eile, nó ó bheith i dteagmháil le baill foirne agus trealamh an ospidéil. In ospidéal mór a bhínn ag tabhairt aire do dhaoine an-tinne, bíonn ionfhabhtú bainteach leis an gcúram sláinte ag 1 as gach 20 othar.

An féidir stop a chur le frídíní agus ionfhabhtuithe

Níl aon ospidéal ar domhan in ann na hionfhabhtuithe sin go léir a stopadh. Is féidir cuid acu a stopadh trí chórais láidre a chur i bhfeidhm chun cosc a chur le scaipeadh tarbhfrídí ó othar amháin go dtí othar eile. Tá sé tábhachtach do lámha a choinneáil glan agus an trealamh a choinneáil glan chun stop a chur le tarbhfrídí ospidéil a bheith ag scaipeadh.

Má bhíonn a fhios ag an ospidéal go bhfuil tarbhfríd ag othar, déanfaidh siad cúram breise don té sin chun cuidiú le stop a chur leis an tarbhfríd a bheith ag scaipeadh. Mar shampla, is iondúil go dtabharfar a seomra féin agus a leithreas féin d'othair a bhfuil tarbhfríd acu, más féidir.



Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil fríd agam?

An t-aon bhealach le fáil amach an bhfuil tarbhfríd ag duine ná sampla (maipín) a thógáil agus é a thástáil i saotharlann. Nuair a dhéanaimid tástáil do tharbhfrídí, iarraimid cead ort 'maipín' a thógáil ó do shrón, ó chneá, ó do chraiceann nó ó do reicteam (tóin). Níos imeachta simplí é sin ina gcuimlímid an maipín – atá cosúil le baitín cadáis – ar do chraiceann. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag daoine go bhfuil tú ag iompar tarbhfríde, mar gur féidir leis sin cuidiú leis na dochtúirí an chóireáil antaibheathaigh is fearr a roghnú duit má fhaigheann tú ionfhabhtú san ospidéal. Má tá tarbhfríd á hiompar agat, tabharfaidh tú faoi deara go mbeidh réamhchúraim bhreise á dhéanamh ag foireann an ospidéil, ar nós miotóga, naprúin nó gúnaí obrádlainne a chaitheamh. Cuidíonn sé sin chun laghdú a dhéanamh ar an seans go scaipfeadh na frídíní chuig othair eile. Má tá a fhios agat go bhfuil tarbhfríd á hiompar agat tá sé tábhachtach é sin a rá le ball den fhoireann nuair a thagann tú chuig an ospidéal.

Cuirtear tástáil do tharbhfrídí ar a lán othar nuair a thagann siad chuig an ospidéal. Má bhíonn do thástáil deimhneach, inseoidh dochtúir nó altra duit faoin toradh. Tabharfaidh siad eolas duit chun léamh agus a thabhairt abhaile leat.

Cad is féidir liom a dhéanamh chun mé féin a chosaint?

Tá roinnt rudaí is féidir leat a dhéanamh chun tú féin a chosaint ó ionfhabhtú nó tarbhfríd a thógáil.

- Glan do lámha go rialta agus bain úsáid as glóthach díghalráin lámh. Déan é sin i gcónaí tar éis a bheith ag an leithreas agus sula dtosóidh tú ag ithe
- Ná roinn d'earraí pearsanta le hothair eile - mar shampla, d'fhón, do chluasáin agus mar sin de
- Fan amach ó leapacha na n-othar eile.
- Na lig d'éinne suí ar do leaba, agus ná suigh ar leaba aon othar eile
- Is ceadmhach a mheabhrú don fhoireann a lámha a ní
- Is ceadmhach a rá le ball foirne má fheiceann tú aon rud nach bhfuil glan

Amanna, ní bhíonn a fhios ag an ospidéal go bhfuil tarbhfríd á hiompar ag othar go dtí go mbíonn siad imithe abhaile. Má fhaighimid amach go bhfuil tarbhfríd á hiompar agat tar éis duit dul abhaile, scríobfaimid chugat nó inseoidimid duit faoi ag coinne iarchúraim. Tabharfaimid scéala dod dhochtúir teaghlach freisin. Má tá aon cheisteanna agat faoi ionfhabhtú ospidéil nó tarbhfrídí, cuir labhair le do dhochtúir nó d'altra.



Breis eolais

Is féidir leat breis eolais a fháil faoi shláinteachas lámh agus breathnú ar fhíseán gearr faoin mbealach ceart le do lámha a ní ar www.hse.ie/infectioncontrol

Tá an t-eolas seo faofa le n-úsáid ag clár náisiúnta um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe an FSS. Foilsithe: Eanáir 2019